Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**8342/18**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0103 (COD)**

**COMPET 245**
**CHIMIE 23**
**ENFOPOL 186**
**ENV 254**
**MI 288**
**ENT 77**
**UD 87**
**CODEC 634**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 105 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 105 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: SWD(2018) 105 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.4.2018
SWD(2018) 105 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán**

{COM(2018) 209 final} - {SWD(2018) 104 final}

GA GA

| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin** |
|---|
| Measúnú tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** 11 líne ar a mhéad |
| Le Rialachán 98/2013, rialaítear margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán (i.e. substaintí ceimiceacha ar féidir iad a mhí-úsáid chun pléascáin bhaile a mhonarú). Cé gur fhág an Rialachán gur lú an fháil atá ag daoine den phobal i gcoitinne ar réamhtheachtaithe pléascán agus go bhfuil feabhas ar an tuairisciú ar idirbhearta amhrasacha, léiríodh sa mheastóireacht gur go páirteach amháin a baineadh amach na príomhchuspóirí. Tá dhá fhadhb thábhachtacha fós ann. Ar an gcéad dul síos, bíonn réamhtheachtaithe pléascán fós á mí-úsáid le haghaidh pléascáin bhaile a mhonarú, rud a fhágann go bhfuil slándáil shaoránaigh an Aontais Eorpaigh i mbaol. Ar an dara dul síos, bíonn constaicí gan ghá fós le sárú ag oibreoirí eacnamaíocha i dtaobh shaorghluaiseacht na substaintí sin sa mhargadh inmheánach. Is iad seo a leanas cúiseanna na bhfadhbanna sin: (i) leibhéal srianta neamhleor, (ii) bagairtí nua agus cinn atá ag teacht chun cinn, (iii) feasacht neamhleor feadh an tslabhra soláthair, (iv) easpa cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach ar rialuithe atá ann cheana, (v) ilroinnt an chórais srianta agus rialaithe, agus (vi) easpa soiléireachta sa Rialachán. Gan idirghabháil ó AE, meastar go mairfidh na fadhbanna. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** 8 líne ar a mhéad |
| Trí shrianadh breise a dhéanamh ar an rochtain ar réamhtheachtaithe pléascán áirithe agus rialuithe a neartú, srianta a ailíniú leis an mbagairt atá ag teacht chun cinn, cur leis an bhforfheidhmiú a dhéanann údaráis inniúla, agus feabhas a chur ar tharchur faisnéise feadh an tslabhra soláthair, tá sé mar aidhm ag an tionscnamh cosc a chur ar mhí-úsáid réamhtheachtaithe pléascán agus ardleibhéal slándála a áirithiú. Déanfar feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú trí thrádáil laistigh de AE a éascú agus saobhadh iomaíochta a chosc, trí shoiléiriú a dhéanamh ar an Rialachán agus trí chur i bhfeidhm aonfhoirmeach na rialacha. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** 7 líne ar a mhéad |
| Mar gheall gur fadhbanna trasnáisiúnta atá i gceist, tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal AE. Rinneadh ionsaithe le pléascáin bhaile i mBallstáit éagsúla agus is ard é an leibhéal bagartha go fóill. Más rud é go bhfaigheann sceimhlitheoirí réamhtheachtaithe i mBallstáit ina bhfuil níos lú srianta nó rialuithe nach bhfuil chomh dian, is féidir leo iad a úsáid chun ionsaithe a dhéanamh áit ar bith. Ní féidir an cleachtas sin a chosc ach amháin má chomhchuibhíonn na Ballstáit a gcórais rialaithe agus má fhorfheidhmíonn siad na rialacha go haonfhoirmeach. Tá na bacainní agus na hábhair neamhchinnteachta a bhíonn le sárú ag oibreoirí eacnamaíocha ina dtoradh ar chórais ilroinnte srianta agus rialaithe agus ar easpa soiléireachta sa Rialachán. Ní féidir na fadhbanna sin a réiteach ach trí dhlíthe na mBallstát a chomhchuibhiú agus forálacha na Rialachán a shoiléiriú, rud nach féidir a dhéanamh ach ar leibhéal AE. |

| **B. Réitigh** |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** 14 líne ar a mhéad |
| Rinneadh na roghanna beartais seo a leanas a bhreithniú:<br>• **Rogha beartais 0** (Cás bunlíne) – Leanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Réamhtheachtaithe, ag déanamh faireachán ar chur i bhfeidhm an Rialacháin agus á éascú;<br>• **Rogha Beartais 1** (Neamhreachtach) – Cur i bhfeidhm an Rialacháin a atreisiú le bearta neamhreachtacha;<br>• **Rogha Beartais 2** (Reachtach – athbhreithniú ar an gcreat atá ann cheana) – Cur le héifeachtacht agus éifeachtúlacht na srianta, leis an bhforfheidhmiú a dhéanann údaráis phoiblí, agus le comhlíonadh sa slabhra soláthair;<br>• **Rogha Beartais 3** (Reachtach – athchóiriú ar an gcreat atá ann faoi láthair) – Rialuithe breise a thabhairt isteach feadh an tslabhra soláthair.<br><br>Tar éis na roghanna éagsúla a anailísiú agus a chur i gcomparáid le chéile, aithníodh rogha bheartais 2 mar an rogha bheartais thosaíochta. Leis an rogha sin, thabharfaí aghaidh ar an dá fhadhb a aithníodh agus bheifí ag |

cuidiú leis na cuspóirí ginearálta agus na cuspóirí sonracha a aithníodh a bhaint amach. Ina theannta sin, dhéanfadh na bearta atá beartaithe an creat dlíthiúil atá ann cheana a neartú agus a shoiléiriú, gan cur as do na saintréithe bunúsacha. Toisc go bhfuiltear tar éis príomhchuspóirí an Rialacháin atá ann cheana a bhaint amach go páirteach ar a laghad, ní dhealraíonn sé go bhfuil gá le hathchóiriú iomlán.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** 7 líne ar a mhéad

Is í rogha bheartais 2 an rogha bheartais is fearr le gach grúpa páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo (i.e. monaróirí, miondíoltóirí, daoine den phobal i gcoitinne, údaráis phoiblí). Tá roinnt bearta ann ar mó an tacaíocht a fhaigheann siad ó roinnt grúpaí páirtithe leasmhara seachas a chéile, ach tríd is tríd tá na páirtithe leasmhara ar aon intinn. D'fhéadfaí rogha bheartais 2 a chomhcheangal le bearta neamhreachtacha áirithe ó rogha bheartais 1. Breathnaítear ar rogha bheartais 1 aisti féin mar cheann nach leor í, agus meastar go ginearálta go bhfuil rogha bheartais 3 díréireach agus ró-chostasach lena cur chun feidhme.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad

Comhlíonann rogha bheartais 2 cuspóirí ginearálta an tionscnaimh den chuid is mó agus chuideodh sí freisin chun na cuspóirí sonracha go léir a bhaineann le slándáil agus iad siúd go léir a bhaineann leis an margadh inmheánach a bhaint amach. Tionchar sóisialta dearfach a bheadh ag na bearta beartais atá beartaithe, go háirithe maidir le sláinte an phobail agus le deiseanna fostaíochta nua san earnáil taighde agus forbartha mar gheall ar an ngá atá le táirgí malartacha agus táirgí ina bhfuil tiúchaintí níos ísle substaintí atá srianta. Cé gur dhiúltach an tionchar eacnamaíoch foriomlán a bheadh aici, bheadh tionchar dearfach ag rogha bheartais 2 ar an iomaíocht agus chruthófaí cothrom iomaíochta ní b'fhearr do mhonaróirí léi. Níltear ag súil le haon tionchar dearfach ar an gcomhshaol.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad

Bheadh tionchar eacnamaíoch beagán diúltach ag rogha bheartais 2. Is iad na príomhghrúpaí a ndéanfaí difear dóibh ná tomhaltóirí (rogha táirgí laghdaithe) agus táirgeoirí (laghdú ar thomhaltas táirgí srianta agus ar an éileamh orthu). Mar gheall ar mhéid an mhargaidh do dhaoine den phobal i gcoitinne, ní imreofaí tionchar suntasach ar láimhdeachas na hearnála ceimiceán ina hiomláine. Is deacair an tionchar beacht ar an gcomhshaol a mheas, ach d'imreofaí drochthionchar ar an gcomhshaol de bharr athrú féideartha chuig substaintí atá níos díobhálaí don chomhshaol agus de bharr úsáid a bheith á baint as cainníochtaí níos mó den táirge céanna ach é a bheith i láthair i dtiúchaintí níos ísle. Má úsáideann tomhaltóirí cainníochtaí níos mó, beidh níos mó pacáistíochta agus iompair i gceist freisin. I dtéarmaí tionchar sóisialta, bheadh drochthionchar ag na bearta atá beartaithe ar thomhaltóirí neamhghairmiúla áirithe réamhtheachtaithe pléascán, a úsáideann na substaintí sin le haghaidh caitheamh aimsire nó gníomhaíochtaí tí. Beidh an tionchar beacht ag brath ar an tsubstaint lena mbaineann agus ar na roghanna eile atá ar fáil.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** 8 líne ar a mhéad

Beidh tionchar níos mó ag na bearta atá beartaithe ar chuideachtaí arb é a sainréimse é réamhtheachtaithe pléascán atá srianta (cinn ardtiubhaithe) a sholáthar, i gcomparáid le fiontair a dhíolann raon níos leithne táirgí, lena n-áirítear substaintí malartacha. Meastar go mbeidh tionchar níos mó ag na bearta ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar mhicrifhiontair, ar lú an méid a dhíolann siad go minic agus nach mbeadh sé d'acmhainn acu, b'fhéidir, éagsúlú a dhéanamh ar an réimse táirgí a thairgeann siad acu. Dá ainneoin sin, ní mór na bearta a chur i bhfeidhm go hiomlán chun ardleibhéal slándála a áirithiú.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** 4 líne ar a mhéad

Cé go gcuirfeadh an rogha bheartais thosaíochta leis na costais agus leis an ualach riaracháin a bheadh ar údaráis náisiúnta, ní bheadh tionchar suntasach ag na bearta atá beartaithe ar bhuiséid agus ranna riaracháin náisiúnta.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** 6 líne ar a mhéad

Bheadh tionchar imeallach ag rogha bheartais 2 ar chearta bunúsacha. Bheadh drochthionchar beag ag na bearta atá beartaithe ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus ar an gceart chun sonraí pearsanta a chosaint.

## D. Iarobair

| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** 4 líne ar a mhéad |
|---|
| Dhá bhliain tar éis an spriocdháta maidir le cur chun feidhme, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun an staid ina bhfuil an tionscnamh a mheas. Déanfar meastóireacht fhoirmiúil ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhchuibheas agus breisluach AE an chreata sé bliana tar éis an spriocdháta maidir le cur chun feidhme. |